



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2014

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

Eolaíocht Talmhaíochta

Gnáthleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phársa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Réamhrá

Pointí Ginearálta

- Is treoir an scéim mharcála maidir le marcanna a bhronnadh.
- Ní foláir don scrúdaitheoir an scéim seo a leanúint go dlúth agus níl cead marcanna a thabhairt i ndáil le freagraí nach dtagann faoi scáth na scéime.
- In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí sa scéim mharcála. Tá an fhaisnéis agus smaointe sna pointí seo a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.
- Ní liosta críochnaitheach iad an cur síos, na modhanna oibre ná na sainmhínithe a luaitear sa scéim agus tá glacadh le freagraí bailí eile.
- Má chinneann an scrúdaitheoir go bhfuil freagra bailí tugtha ag iarrthóir, agus sa chás nach bhfuil aon fhoráil leagtha amach sa scéim gur féidir glacadh leis an bhfreagra sin, ní mór don Scrúdaitheoir dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach i dtosach báire roimh mharcanna a bhronnadh. Go ginearálta, má bhíonn amhras ar bith ar an scrúdaitheoir an bhfuil freagra faoi leith ceart ba cheart dó/di dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.
- Is é an comhthéacs, an tslí ina gcuirtear an cheist agus líon na marcanna a shanntar don fhreagra sa scrúdpháipéar a chinneann na mionsonraí a bheidh ag teastáil i bhfreagra ar bith. D'fhéadfadh sé, mar sin, go n-athróidh na riachtanais ó bhliain go bliain.
- Is focail, leaganacha nó ráitis atá ina malairtí ar a chéile iad sin a bhfuil soladas (/) eatarthu agus tá an glacadh céanna leo araon maidir le pointe áirithe. Is malairt focal nó nath arna lua idir lúibíní a bhfuil an glacadh céanna leis agus atá leis an bhfocal nó an nath a théann roimhe. Tabhair ar aird, ar a shon sin, nach mór focail, leaganacha cainte nó frásaí a úsáid i gceart agus i gcomhthéacs, agus ní féidir iad a bhréagnú, agus sa chás go bhfuil fianaise ar úsáid mhícheart nó ar bhréagnú, níl cead na marcanna a bhronnadh.
- Tá an glacadh céanna, go ginearálta, le hainm nó le foirmle maidir le dúil nó comhdhúil. Ina ainneoin sin, i roinnt cásanna arb é an t-ainm a iarrtar, is féidir glacadh leis an bhfoirmle mar mhalairt air sin. Soiléirítear seo laistigh den scéim.

Freagraí ar Ceal

- Má chuirtear ar ceal an t-aon fhreagra a thugtar, déan neamhaird den chealú agus marcáil mar is gnách.
- Má dhéantar freagra a chealú agus má thugtar an dara leagan ar an bhfreagra, ba cheart duit glacadh leis an gcealú agus marcanna a bhronnadh air, sa chás go dtuilltear amhlaidh, i gcomhair an leagain nár cealaíodh amháin.
- Má thugtar dhá leagan neamhchealaithe de fhreagra ar an gceist chéanna nó ar chuid de cheist, marcáil an dá leagan agus glac leis an bhfreagra a thuilleann an méid is airde marcanna. Ní féidir leat, áfach, pointí ón dá leagan a chur le chéile agus iomlán ceaptha a bhaint amach.

Freagraí Farasbairr

- I Roinn a hAon, cuirtear ar ceal na marcanna a bhronntar i leith freagra cheart sa chás go dtugtar freagra farasbairr atá contráilte.
e.g. Ceist: Roghnaigh dhá phór déiríochta ón liosta de phórtha eallaigh:
Charolais Freaslannach Simmental Geirseog Hereford
Scéim Mharcála: Freaslannach/ Geirseog/ Simmental. Dhá cheann ar bith 2 x 1 mharc
Freagraí samplacha:
Freaslannach, Geirseog agus Hereford – tá freagra farasbairr tugtha agus é contráilte, dá réir sin gnóthaíonn an t-iarrthóir $2 - 1 = 1$ mharc.

Gnáthnósanna

- Luaitear an marc a bhronntar i ndáil le freagra sa scéim mharcála anonn ón bhfreagra ar thaobh na láimhe deise.
- Sa chás go bhfuil níos mó ná cuid amháin i bhfreagra, luaitear an marc a bhronntar i ndáil le gach cuid den fhreagra mar seo, mar shampla: 3 x 4 mharc. Ciallaíonn sé seo go bhfuil trí chuid sa fhreagra, agus go dtugtar 4 mharc do gach cuid.
- Bronn marcanna aonaid ar leithligh, e.g. má ghabhann 3(3) mharc le freagra, scríobh: trí ‘3’ ar leithligh, faoina chéile, sa chéad cholún san imeall ar thaobh na láimhe deise.
- Ní móide go gcuirfí marc áirithe i leith fhreagra gach fochoda de cheist e.g. d’fhéadfadh trí pháirt a bheith ag baint le ceist – (i), (ii), (iii) agus 12 marc san iomlán curtha i leith na ceiste sin. Tharlódh gur mar seo a leanas a bheadh an scéim mharcála:
6 mharc + 3 mharc + 3 mharc. Ciallaíonn sin go mbronntar 6 mharc i leith an chéad fhreagra chirt agus gur 3 mharc an ceann a bhronntar i leith gach freagra chirt ina ndiaidh sin.
- Úsáidtear lúibíní cearnógacha/ *cló iodálach* nuair atá aird an scrúdaitheora á díriú ar threoir maidir le freagra nó ar cháiliúchán éigin maidir leis an bhfreagra.
- Ba cheart marc iomlán gach ceiste a scríobh in aice le huimhir na ceiste agus ciorcal a tharraingt timpeall air.
- Ba cheart an t-iomlán carnach a scríobh i gcúinne íochtarach deas gach leathanaigh ar a mbíonn iomlán ceiste le sonrú.
- Ní mór an uile leathanach bán a mharcáil lena chur in iúl go ndearnadh iniúchadh orthu.

Roinn a hAon

Ceist 1. (5 × 4m)

A	B
Charolais	Pór mairteola ón mór-roinn
Texel	Pór caorach achréidhe
Lanrásach	Pór muice
Freaslannach	Pór dhá fheidhm
Brocach Albanach	Pór caorach sléibhe
Hereford	Pór mairteola Briotanach

Ceist 2. (5 × (2m + 2m))

Litir	(a) Ainm an phíosá trealaimh	(b) An t-ord ina n-úsáidtear é
A	Rollóir	3 [<i>Glac le 2</i>]
B	Comhbhuainteoir	5
C	Bráca / grafán	1
D	Síoladóir	2 [<i>Glac le 3</i>]
E	Spraeire	4

Ceist 3. (5 × (2m + 2m))

(a) *Fiabhras buinne dearg:*

An cineál ainmhí a bhíonn ag fulaingt leis: Eallach

Comhartha sóirt: Dath dearg ar an bhfual / buinneach / ráta méadaithe cuisle

Aon cheann ar bith

(b) *Salachar béil:*

An cineál ainmhí a bhíonn ag fulaingt leis: Caoirigh / daoine

Comhartha sóirt: Loit nó cneácha nó spotaí ar an mbéal (nó ar an úth nó ar na baill ghiniúna)

Aon cheann ar bith

(c) *Anaemacht:*

An cineál ainmhí a bhíonn ag fulaingt leis: Muca

Comhartha sóirt: Craiceann mílíteach / cailliúint meáchain / análú mear / laige / buinneach

Aon cheann ar bith

(d) *Niúmóine víreasach:*

An cineál ainmhí a bhíonn ag fulaingt leis: Eallach / caoirigh / muca

Comhartha sóirt: Casachtach (dhian) / análú mear / cailliúint meáchain / sileadh ó na súile nó ón tsrón / teocht ard / fiabhras

Aon cheann ar bith

(e) *Teiteanas féir:*

An cineál ainmhí a bhíonn ag fulaingt leis: Eallach / caoirigh

Comhartha sóirt: Siúl tuisleach / preabarnach matán nó creathanna / titim go talamh / cóma / cúradh béil / bás (tobann)

Aon cheann ar bith

Ceist 4.

- (a) Galán nó pilibín eitre 3m
- (b) Cóta leathair 3m
- (c) (i) 1. Ubh 2m
 2. Pupa / cocún 2m
- (ii) Meiteamorfóis fhoirfe 4m
- (iii) Féileacán / Máirín na smeach / cuileog / beach 3m
- (d) Féar / gránaigh nó gránach ainmnithe / prátaí 3m

Ceist 5. (10 × 2m)

- (a) B
 (b) B
 (c) F
 (d) F
 (e) B
 (f) F
 (g) F
 (h) F
 (i) F
 (j) B

Ceist 6

- (a) *Luibhiteoir*: Ainmhí nach n-itheann ach plandaí (amháin) 2m
- (b) Clárfhiacla / fiacla leathchúil / cúlfhiacla / starrfhiacla Trí cinn ar bith 3 × 2m

(c)

<i>clárfhiacla</i>	<i>starrfhiacla</i>	<i>fiacla leathchúil</i>	<i>cúlfhiacla</i>
0	0	3	3
3	1	3	3

Nó

<i>clárfhiacla</i>	<i>starrfhiacla</i>	<i>fiacla leathchúil</i>	<i>cúlfhiacla</i>
0	0	3	3
4	0	3	3

4 × 2m

- (d) *Déadeagar chaorach*: starrfhiacla in easnamh / easpa starrfhiacla ar an ngiall uachtarach / easpa clárfhiacla ar an ngiall uachtarach / líon fiacla (32 v 44) / ceap déadach (chun tosaigh) ar an ngiall uachtarach 4m

Ceist 7. (5 × 4m)

- (a) Díbríonn sí fiailí (leathanduilleacha) / maraíonn sí fiailí ach ní dhéanann sí dochar do phlandaí bairr/ baint níos éasca
- (b) Coisceann sí buinneach in ainmhithe / coisceann sí fadbhanna dhíleách / laghdaíonn sí aigéad ocsalach
- (c) Le léiriú cén uair atá an bhó ar clíth / le cúpláil a thairfeadh
- (d) Leis an pH a mhéadú / leis an ithirstruchtúr a fheabhsú / soláthraíonn sé cailciam / feabhsaíonn sé an draenáil / feabhsaíonn sé an t-aerú / cuireann sé gruthú chun cinn / méadaíonn sé an fháil ar chothaithe / méadaíonn sé CEC (cumas malartaithe caitian)
- (e) Coisceann sé dochar don fhiadhúlra nó d' éin neadaithe / ceanglas dlíthiúil / méadaíonn sé bithéagsúlacht

Roinn a Dó.

Ceist 8.

(a) Athair a roghnú / dáta inseamhnaithe a thaifeadadh / grodbheathú / an bhó ag an mbailscóráil choirp cheart (3 – 3.5) / an iontógáil bia sa tseachtain deiridh a laghdú / an bhó a aonrú roimh bhreith / bosca breithe a ghlanadh / maoirseacht imleor / cúnamh a thabhairt más gá / glaoch a chur ar an tréidlia / trealamh iomchuí / sláinteachas fheirmeora / an córas anáilaithe a ghlanadh / iaidín ar an imleacán / gruth buí

4 × 4m

(b) *Gruth buí*: saibhir in antasubstaintí / saibhir i gothaithigh nó i gothaitheach ainmnithe / éifeacht phurgóide / níos tibhe / cuir imdhíonacht ar fail / dath buí air / níos mó solad nó cion uisce níos lú

2 × 4m

(c) (i) Tithíocht ghlan nó sampla ainmnithe (e.g. urláir a ní nó aol a chur ar urláir) / tuí úr / múcas a bhaint / buicéid a ghlanadh / dealú ón mbó tar éis breithe / iaidín ar an imleacán / soláthar uisce ghlain / srianadh galair / aonrú na bá roimh bhreith

3 × 4m

(ii) Buinneach / tinneas na n-alt / tinneas an imleacáin/ niúmóine (víreasach) / borrrhéist / péist scámhóige / péist ghoile / míolta nó eictisheadán ainmnithe

2 × 4m

(c) (i) Ceallalós a dhíleá / tá baictéir ann / gairbhseach a dhíleá nó gairbhseach ainmnithe / bia a stóráil / vitimíní a dhéanamh / protein a dhéanamh

Aon cheann ar bith 3m

(ii) Beathú féir thirim / toisc scríobtha / beathú dlúthbhia / beathú bacphoill

Aon cheann ar bith 4m

(iii) Reiticealam / omasam / abomasam

3 × 3m

Ceist 9.

- (a) (i) Féar seagail ibhliantúil nó PRG / Seagalach Iodálach nó IRG / Tiomóiteas / Garbhfhéar / Feisciú móinéir / Fiteog léana **2 × 3m**
- (ii) Fosú nítrigine / foinse próitéine / blasta / indíleáite / dea-chlúdach talún / srianadh fiailí / saibhir i mianraí / níos lú nítrigine ag teastáil / níos saoire / táirgiúlacht fheabhsaithe na talún féaraigh / sadhlas feabhsaithe má luaitear an tseamair dhearg **2 × 4m**
- (b) (i) Léaráid **4m, 2m, 0m**
Dhá lipéad ar bith **2 × 3m**
- (ii) Baintear úsáid níos fearr as an bhféar / níos éifeachtúla / tá am ag an bhféar fás arís / gluaiseacht éasca na bólachta / galar a chosc / tá sé éasca banracha a dhúnadh le haghaidh sadhlais / níos lú fear gasach nó níos mo fear duilleogach / tál bainne níos airde (i mba) / meadú meáchain níos airde (in eallach) / níos lú saothair **2 × 4m**
- (c) Rátaí méadaithe fáis in eallach agus i gcaoirigh / athghasadh méadaithe / athchúrsáil cothaitheach / srianadh seadán / coisceann sí toim féir / diomlaítear níos lú féir / bainistiú níos easca **2 × 4m**
- (d) (i) Nítrigin **4m**
- (ii) Aon (nó dhá) cheapach / méid oiriúnach ceapaí e.g. 1m² / fál a chur thart orthu / féar a ghearradh / CAN a chur le ceann amháin / cóimheastóir oiriúnach / tréimhse ama oiriúnach / fás féir a thomhas / féar a ghearradh / féar a mheá / conclúid **Ceithre cinn ar bith 4 × 4m**

Ceist 10.

(a) Cosa folláine / úth folláin (gan mhaistíteas) / beagán fiacla a bheith ar iarraidh nó na fiacla ar fad a bheith acu / gan aon éalang bhéil / dea-chruth coirp / riocht oiriúnach coirp / sláintiúil nó saor ó ghalair / gan aon stair de thultite

Trí cinn ar bith 3 × 4m

(b) *Beathú réamhreithíochta:* caoirigh ar fhéarach lom / ard-ráta stocála / bogtar caoirigh chuig féarach maith (mí amháin) roimh chúpláil / ráta laghdaithe stocála / coinnítear ar fhéarach maith iad (ar feadh 3 seachtaine) i ndiaidh cúplála / scaoiltear líon méadaithe uibheacha / níos mó cúplaí / rátaí coimpeartha níos airde / tréimhsí reite níos rialta / níos lú caorach aimride / ionchlannú suth(anna) níos sábháilte

Dhá cheann ar bith 2 × 4m

Spúinseáil: spúinse ina bhfuil hormón nó hormón ainmnithe / faighin caorach / bainte aisti i ndiaidh 12 - 14 lá / instealladh PMSG / bíonn caoirigh faoi reitheadh ag an am céanna / breith uan le chéile / luath-tháirgeadh uan / bainistiú níos éasca ar fheirm mheasctha / laghdú ar chostais saothair / cóimheas laghdaithe reithe:caorach nó 1 reithe:10 gcaora

Dhá cheann ar bith 2 × 4m

(c) Gruth buí / bainne caorach / féar tirim / sadhlas / féar / beathú mine (bacphoill) nó beathú dlúthbhia

Trí cinn ar bith 3 × 4m

(d) (i) Miricidiam / reideach / spóraicist / cearcáirígh

Aon cheann ar bith 4m

(ii) Seilide láibe / seilide fionnuisce

4m

(iii) Cailliúint meáchain / teipeann orthu bisiú / cailliúint olla / ainéime / cnap faoin ngiall / buinneach / bás

4m

(iv) Draenáil / fál a chur thart ar thalamh fhliuch / aoladh (le huibheacha a mharú) / dáileog nó instealladh a thabhairt / srianadh bitheolaíoch / moiliscicídí / iad a dhoirteadh orthu

2 × 4m

Ceist 11.

- (a) Is ithreacha bochta iad podsail a bhfuil riachtanais arda **aol** agus leasacháin acu. Cruthaítear iad mar thoradh ar **láisteadh**. Bogtar alúmanam agus **iarann** ón sainchiseal A go dtí an **sainchiseal B**. Bíonn ciseal suntasach dearg i bPodsail a dtugtar an **cruachiseal iarainn** air. Úsáidtear podsail go forleathan i gcomhair **foraoiseacht**.

6 × 2m

- (b) (i) Saibhir i gothaithigh nó bia planda / feabhsáíonn sé an t-ithirstruchtúr / ionsúnn an dath dorcha teas / feabhsáíonn sé CEC (cumas malartaithe caitian) / foinse bia d'orgánaigh ithreach / feabhsáíonn sé cumas coinneála uisce na hitreach nó méadaíonn sé líon orgánaigh na hitreach

3 × 3m

- (ii) FYM (aoileach) a chur leis / sciodar a chur leis / feamainn a chur leis / dríodar camrais a chur leis / leasú glas / péisteanna talún a chur leis / ábhar orgánach a threabhadh isteach nó sampla ainmnithe / uainíocht na mbarr

2 × 3 m

- (iii) Breogán nó mias folamh / breogán a mheá / sampla ithreach tirim / é a chur sa bhreogán / mais na hitreach tirime / dóire Bunsen / triantán meallchré / é a théamh go láidir / é a shuaitheadh / dónn an húmas ina dhath dearg / tá an dath dearg imithe nó stadann an deatach / é a athmheá / cailliúint maise / ríomh

Ceithre cinn ar bith 4 × 4m

- (c) (i) % de ghaineamh, de shiolta agus de chré in ithir / comhréireanna coibhneasta de ghaineamh, de shiolta agus de chré in ithir / conas a “bhraitheann” an ithir nó cur síos a dhéanamh

5m

(ii)

Ithreacha gainmheacha

Dea-dhraenáil

Níos lú torthúlachta nádúrtha

Furasta le saothrú

Ithreacha créúla

Drochdraenáil

An-torthúil

Doiligh le saothrú

2 × 2m

2 × 2m

2 × 2m

Ceist 12.

- (a) (i) 1. Própas 2. Meiteapas 3. Anapas 4. Teileapas
[Bronn uasmhéid 6 mharc mura gcuirtear iad sa seicheamh ceart] **4 × 2m**
- (ii) Meiteapas **3m**
- (iii) Tá crómasóim i lár na cealla / ceangailte leis an snáithín (fearsaide)
Aon cheann ar bith 3m
- (iv) Méóis **3m**
- (b) (i) Inseamhnú saorga **3m**
- (ii) *Buntáiste*: rogha / tairbh níos fearr / costas níos ísle / níos sábháilte / coisceann sé galar / rátaí coimpeartha níos airde / níos lú dochair fhisicigh / seamhan gnéaschinnte **3m**
- Míbhuntáiste*: Níos mó saothair / deacracht le brath teasa **3m**
[glac le “níos costasach” má nach bhfuil “costas níos ísle” ann mar bhuntáiste]
- (c)
- (i) *Gaiméití a d’fhéadfaí a tháirgeadh*: (B) (b) **2 × 4m**
- (ii) *Géinitíopa F1*: (Bb) **4m**
- (iii) *Feinitíopa F*: Buí **4m**
- (d)
- (i) *Géinitíopaí na dtuismitheoirí*: (bb) × (Bb) **2 × 2m**
- (ii) *Gaiméití a d’fhéadfaí a tháirgeadh*: (b) × (B) (b) **3 × 2m**
- (iii) *Géinitíopaí an tsleachta*: (Bb) (bb) **2 × 2m**
- (iv) *Feinitíopaí an tsleachta*: Buí Glas **2 × 2m**

Ceist 13. Dhá cheann ar bith de (a), (b), (c), (d)**(30m + 30m)**

- (a) (i) Gan ocsaigin (aer) **4m**
- (ii) Lachtbhachailín / Streipteacocas / Clóistridiam **2 × 4m**
- (iii) Rolladh / líonadh mear / pócaí aeir a sheachaint / clúdach / boinn ar a bharr / athshéalú **2 × 3m**
- (iv) Dhá phláta steiriúla agair / lúb ionaclaithe / cuir lasair leis an lúb / sadhlas a aistriú ar phláta amháin / cóimheastóir / séalú / cur san oigheann / 20 °C – 30 °C / 2 - 3 lá / bunoscionn / scrúdú / tá baictéir le feiceáil mar spotaí glasta / níl spotaí le feiceáil sa chóimheastóir
Ceithre cinn ar bith 4 × 3m
- (b) (i) Fás planda nua (as síol) / ath-fhás sutha tar éis suanacht / tosnaíonn an síol ag fás **3m**
- (ii) Teas nó teocht oiriúnach / taisleach nó uisce / ocsaigin nó aer **3 × 3m**
- (iii) Coinníonn sé teocht na hithreach níos airde / péacadh níos fearr / srianadh fiailí / miocraeraid / péacadh níos luath / séasúr fáis níos faide / toradh níos airde / méis stáirse níos airde / srianadh lotnaid nó sampla ainmnithe **2 × 3m**
- (iv) Síolta / áireamh / síolta a mhaothú (ar feadh 24 uair) / tráidire síolta nó gabhdán oiriúnach / olann chadáis nó meán oiriúnach fáis / áit the / uisciú rialta / iad a fhágáil ar feadh tréimhse oiriúnach / na síolta péactha a áireamh / athdhéanamh / faigh an meán / cóimheastóir / an % péactha a ríomh
Ceithre cinn ar bith 4 × 3m
[Bronn uasmhéid 9 marc má fhágann an t-iarrthóir tagairt do ríomh an % péactha ar lár]
- (c) (i) Annelida **3m**
- (ii) Feabhsaíonn siad an t-aerú / Feabhsaíonn siad an draenáil / ithir (sraitheanna ithreach) a mheascadh / cion húmais a mhéadú / ábhar orgánach a dhianscaoileadh / an bharrithir a dhoimhniú / cuireann (táirgí eisfheartha) cothaithe leis an ithir nó feabhsaíonn said torthúlacht na hithreach / feabhsaíonn péisteanna talún marbha cion ábhair orgánaigh na hithreach / feabhsaíonn siad an t-ithirstruchtúr **3 × 3m**
- (iii) Aol a chur leis nó an pH ceart a choinneáil / an ithir a dhraenáil / ábhar orgánach a chur leis / an ithir a aerú **2 × 3 m**

(iv) Piastlann nó cur síos ar gabhdán oiriúnach / sraitheanna ábhar / duillí / péisteanna talún a chur leis / é a chlúdach / é a fhágáil ar feadh tréimhse oiriúnach / cóimheastóir / faoi bhun 10 °C / athruithe ar shraitheanna a bhreathnú / duillí ite (dianscaoilte) / conclúid

Ceithre cinn ar bith **4 × 3m**

(d) (i) Carbaihiodráití / lipidí nó saill / próitéin / vitimíní / mianraí **2 × 3m**
[Glac le samplaí ainmnithe]

(ii) Carbaihiodráit: Fuinneamh
Lipidí: Fuinneamh / insliú / cosaint
Próitéin: Fás / deisiú
Vitimíní: Coisceann siad galair easpa nó galar easpa ainmnithe / meitibileacht
Mianraí: Coisceann siad galair easpa nó galar easpa ainmnithe.

Dhá cheann ar bith **2 × 4m**

(iii) An chuid den bhia ina bhfuil cothaithe / an chuid den bhia atá ann fós tar éis uisce a bhaint

4m

(iv) Bia-ábhar ainmnithe / gabhdán oiriúnach / mais an ghabhdáin / mais an bhia-ábhair / triomú san oigheann / am oiriúnach / mais nua / caillteanas maise / ríomh
[Bronn uasmhéid 9 marc má fhágann an t-iarrthóir bia-ábhar ainmnithe ar lár]

Ceithre cinn ar bith **4 × 3m**

Leathanach Bán

